

Mórinfheistíocht sa tír

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar thuairisc ar ball faoi mhórinfheistíocht a dhéanfaidh an rialtas sa tír. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, déan iarracht na leaganacha Gaeilge a cheangal leis na leaganacha Béarla thíos.

1. National Development Plan	a. <i>eager to</i>
2. clár caiteachais	b. <i>climate crises</i>
3. tograí caipitil	c. <i>expenditure programme</i>
4. Na Glasaigh	d. <i>flexibility</i>
5. ar bís le	e. <i>comprehensive</i>
6. dornán	f. <i>The Greens</i>
7. léirsitheoirí	g. <i>concept</i>
8. géarchéim aeráide	h. <i>Plean Forbartha Náisiúnta</i>
9. scata	i. <i>handful</i>
10. solúbthacht	j. <i>demonstrators</i>
11. coincheap	k. <i>capital proposal</i>
12. cuimsitheach	l. <i>array</i>

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12



Ceist 2

Féach ar an mír den chéad uair agus plé an méid a thógann tú leat, tar éis éisteacht amháin, leis an duine in aice leat.

Ceist 3

Anois féach ar an mír arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cad iad na gnéithe den bhonneagar a gcuirfeá béim orthu sa phlean?
2. Meitseáil na figiúirí leis na hinfheistíochtaí cúí:

€165 billiún	- bóithre
€35 billiún	- córais uisce
€12 bhilliún	- córas iompair
€6 bhilliún	- tograí caipitil
€4.5 bhilliún	- córas iompair poiblí

3. Cén fáth a raibh na Glasaigh sásta leo féin?
4. Cén áit ar tháinig na hairí le chéile?
5. Cén tslí a bhfuil solúbthacht ag baint leis an bplean, de réir an rialtais?

Ceist 4

Féach ar an mír arís. Breac síos na leaganacha a bhí inti de na focail seo a leanas. Bain amach na lúibíní agus déan cibé athrú is gá:

bhur (céad) fáilte:	_____
a (beannacht):	_____
ar (tithíocht):	_____
tóg:	_____
luaigh:	_____
bóthair:	_____
i (ceist):	_____
croílár an (plean):	_____
níos (luath):	_____

An féidir leat na hathruithe a rinne tú ar na focail thuas a mhíniú?

Ceist 5

'Bail ó Dhia oraibh...'

Cad is brí leis an mbeannacht thuas? An féidir leat smaoineamh ar aon bheannacht eile a bhfuil an focal 'Dia' ann?

Ceist 6

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. Cad a cheapann tú faoin bplean seo?
2. Cén áit a bhfaighidh an rialtas an t-airgead le híoc as an bplean, dar leat?
3. An bhfuil tú sásta leis an rialtas atá againn faoi láthair? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12
h	c	k	f	a	i	j	b	l	d	g	e

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

bhur (céad) fáilte: bhur gcéad – an aidiacht shealbhach, tríú pearsa iolra

a (beannacht): a mbeannacht – an aidiacht shealbhach, tríú pearsa iolra

ar (tithíocht): ar thithíocht – séimhiú ar ainmfhocal a leanann an réamhfhocal simplí **ar**
tóg: go dtóghar – saorbhriathar, an aimsir fháistineach

luaigh: luaite – an aidiacht bhriathartha agus luaigh – an aimsir chaite

bóthair: bóithre – an t-ainmfhocal san iolra

i (ceist): i gceist – urú tar éis **i**

croílár an (plean): croílár an phlean – an tuiséal ginideach, uimhir uatha, ainmfhocal firinsneach

níos (luath): níos luithe – breischéim na haidiachta

Ceist 5

Bail ó Dhia oraibh – *bleess you (iolra)*

Dia leat – *bleess you (nuair a lígean duine sraoth)*

Nár lagaí Dia thú – *bleess you, bravo!*

Dia duit – *hello, good afternoon*

Go mbeannaí Dia duit – *good day*

Ceist 6

Cuir gach beirt nó triúr ag obair le chéile chun na ceisteanna a phlé.

Eimear Ní Chonaola

Bail ó Dhia oraibh agus bhur gcéad fáilte chuig Nuacht TG4. Tá a mbeannacht tugtha ag an rialtas don Phlean nua Forbartha Náisiúnta. Beidh béim ar thithíocht, ar bhóithre agus ar iarnróid a fhorbairt as seo go dtí 2030, faoin gclár caiteachais is mó riamh i stair an Stáit. Cruthófar na mílte post faoin bplean forbartha is uailmhianaí fós, a deir an Taoiseach, Micheál Martin.

€165 billiún atá leagtha amach do thograí caipitil faoin bPlean Forbartha Náisiúnta. Tá sé i gceist €35 billiún a chaitheamh ar chúrsaí iompair as seo go ceann naoi mbliana, de réir an phlean. Mar chuid de sin caithfear €12 bhilliún ar chóras iompair poiblí agus tá sé geallta ann go dtógfar MetroLink Bhaile Átha Cliath. Caithfear €6 bhilliún ar bhóithre, cé go ndeir an tAire Iompair, Eamon Ryan, nach féidir a bheith cinnte go dtógfar gach uile bhóthar atá luaite sa bplean. Tá €4.5 bhilliún curtha i leataobh freisin le feabhas a chur ar chórais uisce as seo go ceann ceithre bliana.

Sorcha Ní Riada

Bhí na Glasaigh amuigh ar a gcuid rothar go luath ar maidin, iad ar bís le béim a leagan ar an ionchur a bhí acusan sa Phlean Forbartha Náisiúnta a bhí le plé ag cruinniú rialtais speisialta i gCorcaigh inniu — cé gur léiríodar¹ amhras faoin bplean seo sula raibh sé foilsithe fiú, an tAire Eamon Ryan ag rá nach raibh fios cé acu an mbeifí ag dul ar aghaidh leis na bóithre ar fad nó nach mbeadh.

Bhailigh na hairí rialtais le chéile san Aula Maxima i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh leis an bplean a phlé agus bhí dornán léirsitheoirí i láthair chomh maith. Bhí seoladh oifigiúil acu ag am lóin, ag preasócáid i bPáirc Uí Chaoimh.

An Taoiseach, Micheál Martin

Infheistíocht an-mhór atá i gceist i gcomhthéacs an phlean seo — bóithre, iarnróid, infheistíocht san oideachas, sláinte — agus gan amhras tá an ghéarchéim aeráide i gcroílár an phlean seo.

Sorcha Ní Riada

Tá scata tograí luaite sa phlean idir bhóithre, iarnróid, tithíocht, oideachas, cúrsaí aeráide, cúrsaí sláinte agus gach gné eile den saol chomh maith. Ach deir an rialtas go mbeidh solúbthacht ann le cur leis nó baint uaidh más gá.

An Taoiseach, Micheál Martin

Mar a luaigh Eamon níos luaithe, ó thaobh an *Western Rail Corridor*, is é atá i gceist b'fhéidir, ná an coincheap atá taobh thiar den togra sin a shoiléiriú, ionas go mbeimid in ann níos mó infheistíochta a chur isteach agus togra cuimsitheach a chur i bhfeidhm.

Sorcha Ní Riada

Sorcha Ní Riada, Nuacht TG4, i bPáirc Uí Chaoimh i gCorcaigh.

¹ *Léirigh siad* an leagan caighdeánach